SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

2001

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

ARDLEIBHÉAL AGUS GNÁTHLEIBHÉAL

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHSCRÚDAITHEORA

1. RÉAMHRÁ

Tá dhá chuid sa mheasúnú a dhéantar ar Eolaíocht Talmhaíochta:

(i) measúnú scoile ar obair phraiticiúil;

(ii) scrúduithe scríofa deiridh.

Measúnú Scoile – 100 marc

Díríonn an measúnú scoile ar an obair phraiticiúil agus ar an obair shaotharlainne a dhéanann na hiarrthóirí le linn a gcúrsa staidéir san ábhar seo. Tá cóimheasúnú ann le haghaidh iarrthóirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil.

Scrúdú Scríofa - 300 marc

Tá **naoi** gceist sa scrúdú scríofa agus ní mór d'iarrthóirí aon **sé** cheist díobh sin a fhreagairt. Tá 60 marc ag gabháil le C.1 agus tá 48 marc ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna eile go léir.

2. TORTHAÍ NA NIARRTHÓIRÍ

Tá líon iomlán na n-iarrthóirí a rinne páipéir Ardleibhéil agus páipéir Gnáthleibhéil in Eolaíocht Talmhaíochta ar taispeáint i dTábla 1.

Tábla 1: Líon iomlán na n-iarrthóirí a rinne Eolaíocht Talmhaíocht sa bhliain 2001

Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Iomlán
2146	**769**	**2915**

Tá líon iomlán na n-iarrthóirí a rinne Eolaíocht Talmhaíochta i scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2001 ar aon dul leis na figiúirí sna blianta is déanaí roimhe seo. Tá sonraí faoi líon na n-iarrthóirí a bhí ann sna blianta 1996-2001 le fáil i **dTábla A1** san Aguisín.

Tá líon agus céatadán na n-iarrthóirí a fuair na gráid éagsúla sa mheasúnú scoile ar taispeáint i dTábla 2. Rinneadh monatóireacht ar 2901 iarrthóir san iomlán.

Tábla 2: Dáileadh na ngrád a fuair iarrthóirí sa mheasúnú scoile ar obair phraiticiúil

Grád	A	B	C	D	E	F
Líon	693	1129	785	274	17	3
Céatadán	23.9	38.9	27.1	9.4	0.6	0.1

Tá dáileadh na ngrád deiridh i.e. torthaí na bpáipéar scríofa san áireamh, i gcás Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil araon, ar taispeáint i dTábla 3. Tá dáileadh na ngrád don dá scrúdú sna blianta 1998-2001 ar taispeáint i dTábla A2 sa aguisín.

Tábla 3: Céatadán na n-iarrthóirí a fuair gach grád ar leith in Eolaíocht Talmhaíochta san Ardteistiméireacht sa bhliain 2001

Ardleibhéal			Gnáthleibhéal		
Grád	**Céatadán**	**Céatadán Carnach**	**Grád**	**Céatadán**	**Céatadán Carnach**
A1	2.1	63.5	**A1**	0.0	35.8
A2	3.5		**A2**	0.5	
B1	5.9		**B1**	1.2	
B2	8.9		**B2**	2.0	
B3	9.0		**B3**	4.4	
C1	11.3		**C1**	7.3	
C2	11.4		**C2**	9.1	
C3	11.4		**C3**	11.3	
D1	11.3	28.5	**D1**	11.6	42.4
D2	9.0		**D2**	14.4	
D3	8.2		**D3**	16.4	
E	6.8	8.0	**E**	15.9	21.8
F	1.2		**F**	5.1	
NG	0.0		**NG**	0.8	

Tá sonraí faoin meánmharc in aghaidh gach ceiste agus faoin líon iarrthóirí a rinne gach ceist ar leith le fáil i dTáblaí 4 agus 5. Tugtar torthaí iarrthóirí mar mheánmharc in aghaidh na ceiste agus léirítear an líon iarrthóirí a rinne gach ceist ar leith mar chéatadán na n-iarrthóirí a rinne gach ceist ar leith. Tá na sonraí d'iarrthóirí Ardleibhéil a thugtar i dTábla 4, agus atá luaite arís sa tuarascáil, bunaithe ar sampla randamach 120 script, is é sin le rá, tuairim is 6% den líon iomlán iarrthóirí. Tá na sonraí d'iarrthóirí Gnáthleibhéil a thugtar i dTábla 5, agus atá luaite arís sa tuarascáil, bunaithe ar sampla randamach 60 script, is é sin le rá, tuairim is 8% den líon iomlán iarrthóirí.

Tábla 4: Torthaí iarrthóirí agus an líon iarrthóirí a rinne gach ceist ar leith in Eolaíocht Talmhaíochta ag Ardleibhéal sa bhliain 2001

	TORADH		AN LÍON IARRTHÓIRÍ A ROGHNAIGH GACH CHEIST AR LEITH	
Ceist Uimh.	**Meánmharc in aghaidh na Ceiste**	**Ord de réir marcanna a fuarthas**	**An líon iarrthóirí a rinne an cheist(%)**	**Ord de réir an líon iarrthóirí a rinne an cheist**
1	31.8	3	95.0	1
2	23.2	5	66.6	6
3*	20.3	6	85.0	2
4	18.7	7	43.3	9
5	34.8	1	76.7	4

6	31.9	2	81.7	3
7	16.5	9	51.7	7
8	27.8	4	50.8	8
9	18.6	8	68.3	5

- Sonraí don dá rogha in C.3 cónasctha le chéile

Tábla 5: Torthaí iarrthóirí agus an líon iarrthóirí a rinne gach ceist ar leith in Eolaíocht Talmhaíochta ag Gnáthleibhéal sa bhliain 2001

	TORADH		AN LÍON IARRTHÓIRÍ A ROGHNAIGH GACH CHEIST AR LEITH	
Ceist Uimh.	**Meánmharc in aghaidh na Ceiste**	**Ord de réir an mheán-mhairc a fuarthas**	**Ceist Uimh.**	**Meán-mharc in aghaidh na Ceiste**
1	34.7	1	96.6	1
2	20.3	5	38.3	8
3 (1)	19.7	6	68.3	4
3 (2)	22.3	2	43.3	7
4	19.5	7	88.3	2
5	21.0	4	60.0	6
6	21.3	3	63.3	5
7	9.2	10	35.0	9
8	18.8	8	73.3	3
9	13.0	9	28.3	10

3. ANAILÍS AR NA PÁIPÉIR

(a) MEASÚNÚ AR OBAIR PHRAITICIÚIL NA N-IARRTHÓIRÍ

Eisíodh treoirlínte chuig scoileanna maidir le measúnú a dhéanamh sa scoil ar obair phraiticiúil**.** Tá na treoirlínte sin bunaithe ar na critéir atá leagtha amach in 'Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna' agus ar Fhoirm Mheasúnaithe A. Rinneadh monatóireacht ar Mheasúnú Obair Phraiticiúil Eolaíochta Talmhaíochta ón 8 Bealtaine go dtí an 18 Bealtaine 2001, go huile.

Ceapadh 13 mhonatóirí san iomlán chun cuairt a thabhairt ar scoileanna, chun líon samplach iarrthóirí a chur faoi agallamh agus chun modhnú a dhéanamh dá mba ghá sin.

Rinneadh monatóireacht ar 170 ionad ar fad agus ba ghá modhnú ginearálta a dhéanamh i 43 ionad díobh sin.

Tá sonraí faoi na gráid a fuair iarrthóirí sa chuid seo den scrúdú le fáil i dTábla 2 thuas.

Aithint Plandaí agus Ainmhithe i gcomhthéacs Talmhaíochta

Sa réimse seo, níor éirigh lena lán iarrthóirí na torthaí a rabhthas ag súil leo maidir leis an siollabas a shroicheadh. Ní mór d'iarrthóirí eolas a bheith acu ar aithint plandaí agus ainmhithe áirithe (idir veirteabrach agus inveirteabrach) a bhfuil tábhacht leo i dtaca le cúrsaí

talmhaíochta de. Tá gá ann freisin le feabhas a chur ar bhailiú, cur i láthair agus aicmiú plandaí.

Taithí ar Bharra, Beostoc, Tithíocht agus leagan Amach Feirme

Bhí éagsúlacht mhór ann maidir leis an gcaighdeán oibre a rinne iarrthóirí. Ba é an cineál oibre cúrsa ba choitianta i measc na mac léinn ná obair a bhain le feirm an iarrthóra féin. Bhain na cineálacha eile oibre cúrsa ba mhinice a tugadh le sadhlas, cruithneacht, táirgeadh mairteola, ba diúil agus caoirigh. Áirítear na nithe seo a leanas san obair chúrsa nár déileáladh chomh minic sin léi: sábháilteacht feirme, REPS, capaill, cúnna agus feirmeoireacht orgánach. I measc na n-ábhar neamhghnách áirítear feirmeoireacht ostraise, géanna, ceapacha giolcach agus fás tiúilipí.

Thángthas ar úsáid sonraí neamhoiriúnacha ón Idirlíon. Is ceart obair chúrsa na mac léinn a bheith bunaithe ar a dtaithí phraiticiúil féin. Bhí pleananna feirme agus leagan amach clóis feirme an chuid is mó de na hiarrthóirí go maith agus bhí siad in ann freagra a thabhairt ar na ceisteanna faoina bplean feirme agus faoina leagan amach feirme, faoi thithíocht d'ainmhithe, faoi chórais innilte agus faoi bhearta frith-thruaillithe.

Imscrúduithe

Ba léir go ndearnadh réimse imscrúduithe, idir imscrúduithe allamuigh agus imscrúduithe saotharlainne. Bhí eolas réasúnach ag iarrthóirí ar eolaíocht ithreach. Thug a lán iarrthóirí réimse leathan imscrúduithe ar fhiseolaíocht phlandaí, ar fhiseolaíocht ainmhithe agus ar thástálacha bia. Tháinig na monatóirí ar fhianaise fhorleathan ar dhioscadh, ar thástálacha saotharlainne agus ar anatamaíocht ainmhithe feirme. Ba léir gurbh iad géineolaíocht, éiceolaíocht agus micribhitheolaíocht na réimsí ba lú a raibh aird á tabhairt orthu agus nach ndearnadh na himscrúduithe sna réimsí sin ach ar shlí an-teoranta. I gcás roinnt scoileanna, ní raibh aon imscrúduithe acu in aon cheann de na réimsí sin.

(b) ANAILÍS AR AN SCRÚDÚ SCRÍOFA DEIRIDH

ARDLEIBHÉAL

C.1 Meánmharc = 31.8 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 95.0%

Ba é seo an cheist ba mhinice a freagraíodh ar an bpáipéar agus bhí sí sa tríú háit dtaca le líon na marcanna a fuair sí.

Cuid	Tuairim
(*a*)	Ní raibh iarrthóirí in ann idirdhealú a dhéanamh idir an dá shainmhíniú. Thug a lán iarrthóirí sainmhíniú amháin go mícheart.
(*b*)	Bhí freagraí iarrthóirí ar 'pataigin ainmhíoch' go maith. Freagraíodh 'pataigin plandúil' go maith agus ba é 'dúchan' an sampla ba choitianta a thug iarrthóirí.
(*c*)	Thug an chuid is mó iarrthóirí 'xiléim' agus 'fléam', ach bhí an tuiscint ar 'coilleincíoma' lag.
(*d*)	Freagraíodh an chuid seo go maith. I roinnt cásanna mheasc iarrthóirí 'athghasadh [*tillering*]' le 'curaíocht [*tilling*]'.
(*e*)	Luaigh roinnt iarrthóirí 'nádúr aigéadach', ach ní raibh aon eolas ar of 'scaoileadh mall'.
(*f*)	Freagraíodh an mhír seo go maith ach d'fhág roinnt iarrthóirí ainm an ainmhí ar lár.
(*g*)	Luaigh a lán iarrthóirí 'péist talún' agus tréith amháin – ba é 'deighleogach' an ceann ba choitianta. Meascadh 'tréith' le 'éifeachtaí ar ithir'.
(*h*)	D'fhreagair an chuid is mó iarrthóirí an mhír seo go han-mhaith.

(i)	Bhí iarrachtaí na n-iarrthóirí lag sa chuid seo.
(j)	Bhí tuairim dhoiléir ag roinnt iarrthóirí i dtaobh 'iompar' agus 'cosaint'.

C.2 Meánmharc = 23.2 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 66.6%

(*a*) Bhí caighdeán maith ann sna freagraí ar chuid (i), ach níor shroich na freagraí ar chuid (ii) caighdeán sásúil. Is beag iarrthóir ag a raibh 'dúrabhán' acu le haghaidh triomaigh agus, ina ionad sin, thug siad cré. Luaigh roinnt iarrthóirí 'gainmheach' i gceart don dara freagra ach tugadh 'dúrabhán' freisin.

(*b*) Bhí ithir leathbháite ag a lán iarrthóirí le haghaidh 'toilleadh páirce' agus bhí tuairim dhoiléir ag cuid díobh i dtaobh uisce a bheith san ithir. Ba é an meánmharc a tugadh ná 4 as 8 marc san iomlán.

I gcás 'buanphointe sleabhctha' tugadh 4 mharc don chuid is mó iarrthóirí as a rá go raibh uisce imithe ón ithir ach is annamh gur tugadh na 4 mharc eile i leith na tuairime i dtaobh an planda d'fháil bháis.

(*c*) Tugadh freagraí an-mhaith ar an turgnamh. Fuair an chuid is mó iarrthóirí na 16 mharc, is é sin le rá, an marc iomlán.

C.3 Meánmharc = 20.3 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 85.0%

(***Baineann na staitisticí a thugtar don cheist seo leis an dá rogha arna gcónascadh le chéile.***)

Rogha a haon

Níor fhreagair an líon céanna iarrthóirí an rogha seo agus a d'fhreagair an ceann eile i C.3.

(*a*) Rinneadh an cheist faoin turgnamh go maith agus léiríodh eolas maith ar an nós imeachta. I gcás roinnt mínithe, ceapadh nach raibh siad sách cruinn.

(*b*) Thug iarrthóirí mínithe an-lag ar na téarmaí. Tugadh mínithe simplí ar 'aeróbach' agus ar 'anaeróbach', is é sin le rá, 'le hocsaigin' agus gan ocsaigin' faoi seach. Níor luaigh an chuid is mó iarrthóirí dara pointe. Níor thug líon mór iarrthóirí ainm ceart na horgánaide i gcuid (ii). Thug roinnt iarrthóirí neamhaird air ar fad.

(*c*) Bhí an léaráid den duilleog go maith i gcoitinne, ach níor shroich an lipéadú an caighdeán ba ghá. IS é a bhí sa chuid is mó de na freagraí ná léaráid agus páirt ainmnithe (nó lipéadaithe) amháin nó dhó. De ghnáth, mhaitseáil an t-oiriúnú an pháirt, ach níor tugadh é i ngach cás.

Rogha a dó

Rinne cuid mhaith iarrthóirí an cheist seo ach bhí éagsúlacht mhór ann maidir le caighdeán na bhfreagraí.

(*a*) (i) Thug iarrthóirí freagraí maithe agus luaigh an chuid is mó díobh an dá phointe mar ba ghá.

(ii) Thug méid mór iarrthóirí cur síos ar an 'sruthán iompair' gan tagairt a dhéanamh don ghalú ón duilleog.

(iii) Thug a lán iarrthóirí 'iompar bia', ach is annamh a luadh 'fléam' nó treo na gluaiseachta. Is minic a tugadh 'iompair uisce' freisin.

(iv) Bhí eolas na n-iarrthóirí ar 'trasphlandú sutha' an-doiléir.

(*b*) Is é a bhí i gcuid mhór freagraí ná tuairiscí fada maidir le sadhlas agus féar a dhéanamh. Chuir iarrthóirí ábhar san áireamh nár bhain le hábhar na ceiste agus ní dhearna siad tagairt do na próisis caomhnaithe. D'fhreagair roinnt iarrthóirí amhail is dá mba rud é go raibh dhá cheist ar leithligh ann gan aon chomparáid a dhéanamh.

(*c*) Bhí 'rolla' ag roinnt iarrthóirí le haghaidh bó gan aon tagairt don chogansach. Thug iarrthóirí freagraí laga le haghaidh 'an mhuc' agus bhí freagraí ar nós 'ag maothú gráinne' nó 'ag cur moláis isteach' coitianta.

C.4 Meánmharc = 18.7 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 43.3%

D'fhreagair an líon is lú iarrthóirí an cheist seo agus ba í an tríú ceann ab ísle í ó thaobh na marcanna a fuarthas ina leith.

(*a*) I gcás cuid mhór de na hiarrthóirí a roghnaigh an cheist seo rinne siad cur síos ar an turgnamh flocasaithe ina n-úsáidtear aol seachas an turgnamh a iarradh.

(*b*) Freagraíodh an chuid seo go han-mhaith agus fuair a lán iarrthóirí 20 marc as na 24 mharc a bhí ar fáil. Bhí ábhar mearbhaill ann i roinnt cásanna maidir le turgnamh fótasintéise, is é sin le rá, tugadh ocsaigin agus solas mar dhúile.

(*c*) Tugadh 16 mharc as 24 don chuid is mó iarrthóirí. Chaill iarrthóirí marcanna mar gheall ar easpa eolais ar thorthaí a thaifeadadh nó ar chuntas a scríobh ar an suirbhé.

(*d*) Is annamh a roghnaíodh an chuid seo agus níor shroich freagraí na n-iarrthóirí a sin a roghnaigh í caighdeán sásúil. Luadh an turgnamh 'pis talún a dhó' ach mheasc iarrthóirí áirithe an turgnamh sin le 'triail an tsiúcra'.

C.5 Meánmharc = 34.8 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 76.7%

Fuarthas na marcanna is airde don cheist seo.

(*a*) Thug formhór na n-iarrthóirí trí cinn de na cúig phointe a iarradh.

(*b*) Bhí an chuid is mó de na freagraí leagtha amach go maith agus tugadh roinnt pointí ar leithligh óna chéile faoi na ceannteidil 'taobh istigh' agus taobh amuigh'. Is minic a fuair iarrthóirí na marcanna iomlána sa chuid seo den cheist.

(*c*) (i) Luaigh beagnach gach iarrthóir an t-aon phointe a iarradh, agus ba iad '*colostrum*' agus ceannaire-leantóir' na cinn ba choitianta.

(ii) Ní dhearna iarrthóirí tagairt do rátaí fáis agus thug siad freagraí doiléire faoi bheathú.

(iii) Luaigh a lán iarrthóirí an dá phointe a iarradh. D'úsáid líon mór iarrthóirí an dá phointe chéanna a úsáideadh i gcuid (i).

C.6 Meánmharc = 31.9 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 81.7%

Bhí an cheist seo sa dara háit ab airde ó thaobh na marcanna a fuarthas ina leith agus sa tríú háit ab airde ó thaobh líon na n-iarrthóirí a rinne í.

(*a*) Fadhb choitianta a bhí ann ná go rabhthas rómhion i dtaca le tógáil laonna. Níor tugadh sprioc-mheáchain agus thug a lán iarrthóirí freagraí fada rud a d'fhág gur brúdh an dara bliain isteach i gcúpla líne.

(*b*) Freagraíodh an chuid seo go maith agus thug an chuid is mó de na hiarrthóirí trí cinn de na ceithre phointe a iarradh. Bhí 'cúnamh' agus 'tréidlia' an-choitianta mar smaointe. Is annamh a tugadh 'roghnú tarbh' agus 'méid laonna'.

(*c*) Bhí gach iarrthóir in ann barr curaíochta a ainmniú.

(i) Bhí ceann amháin de na dá phointe faoi ithir a iarradh (luaigh níos lú ná an leathchuid de na hiarrthóirí pH ceart).

(ii) Luaigh an chuid is mó iarrthóirí an pointe a iarradh maidir le hoibriú curaíochta.

(iii) Bhí eolas na n-iarrthóirí ar 'riachtanais leasacháin' doiléir.

(iv) Luaigh tuairim is an leathchuid de na hiarrthóirí an tál ceart.

C.7 Meánmharc = 16.5 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 51.7%

Fuarthas na marcanna ab ísle i leith na ceiste seo.

(*a*) Bhí na freagraí ar 'crosálaigh' níos fearr ná mar a bhí blianta roimhe seo.

(*b*) (i) Bhí tuiscint na n-iarrthóirí lag maidir leis an gcoincheap 'crosmhalartú'.

(ii) Luaigh a lán iarrthóirí an sampla coitianta 'gríséad' in eallach chun an pointe seo a léiriú.

(iii) Mheasc a lán iarrthóirí é seo le hathrú i gcomhthéacs éabhlóideach.

(iv) D'úsáid iarrthóirí samplaí chun an pointe seo a léiriú – níor roghnaíodh 'fuilghrúpaí' go minic mar shampla.

C.8 Meánmharc = 27.8 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 50.8%

(*a*) (i) Bhí ‘fosúchán nítrigine’ ar eolas ag an gcuid is mó iarrthóirí agus fuarthas na marcanna go léir a bhí ar fáil.

(ii) Bhí ráitis dhoiléire, ar nós ‘ag fás feadh na talún’, coitianta.

(iii) Rinne iarrthóirí níos mó tagairtí do ‘mianraí’ nó do ‘cothaithigh’ ná mar a rinne siad do ‘próitéin’.

(iv) Bhí tuiscint mhaith ar an ábhar seo ag an gcuid is mó mac léinn a rinne é ach thug roinnt iarrthóirí malairt na teoirice ‘go dtáirgtear an iomarca nítrigine’.

(*b*) Mheasc a lán iarrthóirí é seo leis an timthriall nítrigine. Na hiarrthóirí sin a roghnaigh an timthriall carbóin, mar ba cheart, luaigh siad dhá cheann nó trí cinn de na pointí a iarradh e.g. ‘riospráid’, ‘meath’ agus ‘dó breoslaí iontaise’.

(*c*) Tugadh freagraí maithe ar an gcuid seo agus luaigh a lán iarrthóirí trí cinn de na pointí a iarradh; ba iad ‘pór’ agus ‘aois na ba’ na pointí ba choitianta a tugadh.

C.9 Meánmharc = 18.6 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 68.3%

(*a*) Fuair an chuid is mó iarrthóirí na marcanna go léir a bhí ar fáil agus luaigh siad ‘buinne dearg’ nó ‘*Babesia*’ nó iad araon agus ról an ‘sceartán’.

(*b*) Luaigh a lán iarrthóirí pointe amháin i dáil le ‘leathbháite’ ach níor chuir siad sin i mbaint le fás luachra agus cíbeanna. Luaigh líon beag iarrthóirí an easpa iomaíochta ó fhéara.

(*c*) Níor leirigh iarrthóirí tuiscint ró-mhaith ar ‘an gá le sleabhcadh’.

(*d*) Rinne roinnt iarrthóirí tagairt d’fhótaisintéis ach níor lean siad orthu chun míniú a thabhairt ar an gcúis le leibhéil dhifriúla an gháis i rith an lae.

(*e*) Tugadh freagraí maithe ar an gcuid seo den cheist agus rinne a lán iarrthóirí nasc idir táirgeadh breise bainne agus minicíocht na blite.

GNÁTHLEIBHÉAL

C.1 Meánmharc = 34.7 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 96.6%

Ba í seo an cheist ar tugadh na freagraí ab fhearr uirthi agus d'fhreagair an líon ba mhó iarrthóirí í.

Cuid	Tuairim
(*a*)	Luaigh an chuid is mó iarrthóirí an pointe amháin a iarradh e.g. 'taisíonn' 'fliuchann' bia, gan tagairt a dhéanamh do 'ceimiceán' nó do 'einsím'.
(*b*)	Áiríodh sna freagraí coitianta ar an mír seo 'draenáil mhaith', 'aerú' agus 'gan a bheith go maith do phlandaí'. Mheasc roinnt iarrthóirí 'airíonna' agus 'comhpháirteanna'.
(*c*)	Fuarthas 'Freaslannach' go minic mar fhreagra ar an dá cheist. Bhí 'bodóg [*heifer*]' ann go measartha minic mar phór mairteola; b'fhéidir gur 'Hereford' a bhí i gceist.
(*d*)	Bhí na léaráidí an-lag agus is beag idirdhealú a rinneadh idir cinn na síolta. Tharraing a lán iarrthóirí an síol, nó rinne siad cur síos ar an síol, seachas ceann an tsíl.
(*e*)	Thug an chuid is mó iarrthóirí pointe amháin – fosúchán nítrigine. Is beag iarrthóir a thug dara pointe a bhí ceart; thug a lán acu freagraí doiléire ar nós 'go maith d'fhéar'.
(*f*)	Mheasc a lán iarrthóirí 'táirge' agus 'seachtháirge'. Ba fhreagra coitianta é 'siúcra', mar aon le 'biatas' agus 'cána siúcra'.
(*g*)	Is beag iarrthóir a léirigh tuiscint ar an gcoincheap 'taoscadh'. Is annamh a luadh 'dúchan'. Bhí freagraí ar nós 'níos éasca lena thochailt' agus níos éasca lena chur' coitianta agus is léir go raibh iarrthóirí ag meascadh 'taoscadh' agus déanamh druileanna.
(*h*)	Bhí an chuid is mó freagraí bunaithe ar 'greannú' nó 'leathadh galar'. D'fhreagair roinnt iarrthóirí trí thagairt a dhéanamh do 'seadáin inmheánacha'.
(*i*)	Thug an chuid is mó iarrthóirí tagairt do shlabhraí bia.
(*j*)	Luaigh a lán iarrthóirí pointe ceart amháin – ba iad 'caisearbhán' agus 'nóinín' na cinn ba choitianta – agus ba é 'féara' an freagra mícheart ba choitianta.

C.2 Meánmharc = 20.3 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 38.3%

(*a*) Luaigh an chuid is mó iarrthóirí dhá fhachtóir gan aon mhíniú a thabhairt. Bhí tagairtí doiléire d'uisce agus d'aer measartha coitianta, cé gur luadh an phéist talún ó am go chéile, agus, nuair a luadh í, is é an míniú a tugadh ar a ról de ghnáth ná 'ag tolladh' tríd na hithreach.

(*b*) Bhí fadhbanna ag an gcuid is mó iarrthóirí leis an gcuid seo, agus mheasc cuid mhór díobh an turgnamh a iarradh leis an turgnamh chun an céatadán d'uisce a aimsiú. Thug fíorbheagán iarrthóirí níos mó ná dhá cheann de na ceithre phointe a iarradh agus rinne fíorbheagán díobh aon iarracht ar ríomhaireacht a dhéanamh nó aon toradh a thabhairt. Rinne líon beag iarrthóirí iarracht ar mhodh allamuigh ach, sa chuid is mó cásanna arís, níor luadh ach dhá phointe.

(*c*) Tugadh freagraí maithe ar an gcuid seo agus luaigh an chuid is mó iarrthóirí dhá cheann ar a laghad de na ceithre phointe a iarradh. D'ainneoin fhoclaíocht bheacht na ceiste, chuir roinnt iarrthóirí 'aer' nó 'uisce', nó iad araon, san áireamh ina bhfreagraí.

C.3 – Rogha a haon Meánmharc = 19.7 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 68.3%

(*a*) (i) Tugadh freagraí maithe ar an gcuid seo den cheist agus luaigh a lán iarrthóirí an dá phointe a iarradh.

(ii) Luaigh an chuid is mó iarrthóirí cosc 'easnamh' nó 'treisiú fáis'. A majority of candidates gave one of the required two points.

(iii) Níor tuigeadh treabhadh fómhair go soiléir agus is beag iarrthóir a raibh eolas acu ar na cúiseanna atá leis. Léirigh líon beag iarrthóirí an tuairim go raibh 'an obair níos éasca san earrach' nó gur bhain sé le 'rialú galar'.

(*b*) Tugadh freagraí maithe ar an gcuid seo, agus luaigh formhór na n-iarrthóirí dhá cheann de na trí phointe faoi fhálta sceach. Ba iad na freagraí a tugadh de ghnáth ná 'foscadh', 'teorainn' agus 'gnáthóg d'fhiadhúlra'.

(*c*) Léirigh a lán iarrthóirí easpa tuisceana ar 'barra breise [idirbharra]'. D'éirigh le roinnt iarrthóirí pointe amháin den dá cheann a iarradh a lua – 'bia d'ainmhithe'.

C.3 – Rogha a dó Meánmharc = 22.3 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 43.3%

D'fhreagair an líon ba lú iarrthóirí an rogha seo ach tugadh freagraí níos fearr uirthi agus ba í an dara ceist ab airde ar an bpáipéar ó thaobh na marcanna a fuarthas ina leith.

(*a*) Cé gur léirigh a lán iarrthóirí eolas maith ar bhainistíocht ba bhí cuid mhór freagraí ann ina raibh cur síos ar bhainistíocht, agus ar bheathú, lao nua-bheirthe. Luaigh an chuid is mó iarrthóirí pointe amháin ar a laghad de na trí cinn a iarradh.

(*b*) (i) Freagraíodh an mhír seo go maith agus thug formhór mór na n-iarrthóirí tuairisc ar 'innilt branraí' nó 'stiallinnilt'. Luaigh an chuid is mó iarrthóirí na trí phointe a iarradh agus bhí léaráidí san áireamh sa chuid is mó freagraí.

(ii) Rinneadh iarrachtaí maithe maidir le hinnilt mheasctha ach níor éirigh leis an gcuid is mó iarrthóirí na trí phointe a iarradh a lua. Ba iad na freagraí ba choitianta ná 'caoirigh ag innilt thart ar aoileach' nó 'caoirigh ag innilt go híseal'.

C.4 Meánmharc = 19.5 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 88.3%

D'fhreagair an dara líon iarrthóirí ab airde an cheist seo.

(*a*) Freagraíodh an chuid seo go maith agus luaigh an chuid is mó iarrthóirí na ceithre phointe a iarradh.

(*b*) Luaigh a lán iarrthóirí pointe amháin don mhodh ina ndéantar 'brú' agus don mhodh 'amharc-mhodh'. Is annamh a tugadh an modh pH.

(*c*) Ní raibh tuiscint rómhaith ann ar na riachtanais sadhlais. Thug a lán iarrthóirí méideanna in 'cornaí' nó 'ad lib'. Dhírigh roinnt iarrthóirí ar conas ainmhithe a bheathú.

C.5 Meánmharc = 21.0 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 60.0%

(*a*) D'fhreagair an chuid is mó iarrthóirí an turgnamh seo go han-mhaith. Is minic a fuarthas na marcanna go léir.

(*b*) Thug a lán iarrthóirí tuairisc ar an 'tástáil stáirse' nó ar an turgnamh 'dó cleití' in ionad na tástála le haghaidh próitéine.

(*c*) Thug a lán iarrthóirí tuairisc ar úsáid 'cuadraí'. Lean roinnt iarrthóirí orthu chun tuairisc a thabhairt ar shuirbhé cáilíochtúil ar thalamh féaraigh. Is annamh a rinneadh aon tagairt do mhais féir a thomhas, do mheáchan eallaigh, etc.

(*d*) Is beag iarrthóir a rinne an chuid seo den cheist; iad siúd a rinne í, bhí eolas maith acu ar an 'tástáil Reasasúirine'. Níor thuig roinnt iarrthóirí an cheist i gceart agus thug siad tuairisc ar modhanna sláinteacha blite.

C.6 Meánmharc = 21.3 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 63.3%

(*a*) Luaigh an chuid is mó iarrthóirí na trí phointe a iarradh, agus ba iad 'éasca le monatóireacht a dhéanamh', cosc galar' agus 'básmhaireacht' na freagraí ba choitianta. Is beag freagra ina raibh aon tagairt do féarach scíthe' nó do 'chosc póitseála'.

(*b*) Luaigh a lán iarrthóirí na trí phointe a iarradh agus roghnaigh an chuid is mó díobh 'tógáil uan'. Is annamh a tugadh 'coilleadh' agus 'sciotadh eireabaill'.

(*c*) Cé nár éirigh lena lán iarrthóirí an fiontar a ainmniú luaigh an chuid is mó díobh na trí phointe eile a iarradh. Chuaigh roinnt iarrthóirí ar seachrán agus thug siad tuairisc ar 'tástáil éifeachta' in ionad 'tréithe coirp', agus thug iarrthóirí eile meascán tréithe do dhá fhiontar éagsúla, e.g. feirmeoireacht mhairteola agus déiríocht.

C.7 Meánmharc = 9.2 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 35.0%

Fuarthas na marcanna ab ísle don cheist seo agus d'fhreagair an dara líon ab ísle iarrthóirí í.

(*a*) Rinneadh na sainmhínithe go lag agus bhí na freagraí faoi bhun an chaighdeáin atá leagtha síos sa siollabas. Níor tuigeadh 'ailléil', agus níor thug ach beagán iarrthóirí sainmhíniú ar ghéin. Níor tugadh samplaí sa chuid is mó freagraí. Bhí an chuid is mó iarrthóirí in ann 'gaiméit' a shainmhíniú. Is beag iarrthóir a luaigh céard é hibrid agus dúirt roinnt iarrthóirí gur 'crosálach' é.

(*b*) Léirigh a lán iarrthóirí tuiscint lag ar chrosálaigh. Luadh líon mór géinitíopaí, agus bhí na máthair-ghéinitíopaí, na gaiméití agus F1 go léir mar a chéile. Sa chuid is mó cásanna níor tugadh aon fhéinitíopa.

C.8 Meánmharc = 18.8 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 73.3%

(*a*) Níor thuig líon an-mhór iarrthóirí an chuid seo den cheist i gceart agus, in ionad scríobh faoi fhachtóirí a bhfuil tionchar acu ar chomhdhéanamh FYM, scríobh siad faoi úsáidí agus tairbhí FYM. I gcás na n-iarrthóirí sin a thuig an cheist, d'éirigh leis an gcuid is mó díobh dhá cheann de na ceithre phointe a iarradh a lua i gceart agus ba iad na freagraí ba choitianta ná 'úsáid tuí', leibhéal cothaitheach' agus 'an méid fuail'.

(*b*) Freagraíodh an chuid seo go maith agus rinne an chuid is mó iarrthóirí tagairt do 'tirim', 'cosc ar lotnaidí' agus fionnuar'. D'fhág roinnt iarrthóirí ainm an ghránaigh ar lár nó thug siad 'prátaí', ach d'éirigh leo, dá ainneoin sin, marcanna a fháil le haghaidh pointí eile a luadh.

(*c*) Sa chuid seo arís, d'ainmnigh roinnt iarrthóirí gránach in ionad bairr fréimhe (eorna go háirithe), ach d'éirigh leo marcanna a fháil faoi na ceannteidil eile. D'éirigh go maith leis an gcuid is mó iarrthóirí sa chuid seo.

(i) Rinne a lán iarrthóirí tagairt do 'saorshilteach' agus do 'domhain dúrabhánach', gan pH a lua.

(ii) Níor luaigh a lán iarrthóirí ach ceann amháin den dá phointe a iarradh. Thagair an chuid is mó iarrthóirí do 'sprae', agus dó sin amháin, agus is minic a luadh 'dúchan' i gcás na n-iarrthóirí a rinne plé ar fhás prátaí.

(iii) I gcás an chuid is mó iarrthóirí níor thug siad ach ceann amháin den dá phointe a iarradh.

C.9 Meánmharc = 13.0 An líon iarrthóirí a roghnaigh an cheist 28.3%

D'fhreagair an líon ab ísle iarrthóirí an cheist seo agus bhí sí sa dara háis is ísle ó thaobh na marcanna a fuarthas ina leith.

(*a*) Luaigh an chuid is mó iarrthóirí pointe amháin, mar shampla 'torthúlacht íseal' nó 'an féar uilig imithe'. D'éirigh le líon beag iarrthóirí an dá phointe a iarradh a lua.

(*b*) Bhí roinnt freagraí sármhaith ach mheasc roinnt iarrthóirí an 'cruachiseal iarainn [*iron pan*]' agus an 'ciseal treafa [*plough pan*]'.

(*c*) Luaigh a lán iarrthóirí an dá phointe a iarradh, lena n-airítear difríochtaí báistí, cineál ithreach agus an méid gréine.

(*d*) Is minic a rinne iarrthóirí an chuid seo ach tugadh freagraí laga uirthi. Seo a leanas roinnt de na freagraí ba choitianta: 'itheann an mhuc níos mó nuair a bhíonn an aimsir fuar agus cuireann suas meáchan' agus 'cailleann muca meáchan trí allas a chur in áit the'.

(*e*) Tugadh freagraí laga ar an gcuid seo agus is beag freagra ina raibh aon tagairt do 'riospráid'. Is minic a tugadh ráitis dhoiléire faoi dé-ocsaíd charbóin a bheith san fhuil nó a bheith ag teacht ó na scamhóga.

4. TUAIRIMÍ FORIOMLÁNA

- I gcoitinne, tugadh freagraí laga ar shainmhínithe.
- Ceapadh go raibh caighdeán réasúnach ann i gcás léaráidí ach ní raibh caighdeán maith ann maidir le lipéadú.
- Thángthas ar neamhréireacht i dtaca leis na freagraí ar thurgnaimh. D'fhreagair na hiarrthóirí cuid de na ceisteanna ar thurgnaimh go maith ach i gcás iarrthóirí áirithe níor shroich siad caighdeán inghlactha.
- Rinne fíorbheagán iarrthóirí níos mó ná na sé cheist riachtanacha. I gcás a lán iarrthóirí, ní dhearna siad an líon riachtanach ceisteanna. Rinne roinnt iarrthóirí an dá rogha i C.3.
- D'ainneoin leagan amach nua na ceiste, ní dhearna mórán iarrthóirí an cheist ar ghéineolaíocht agus bhí na freagraí lag.
- Ceapadh go raibh léamh agus tuiscint na gceisteanna lag i measc na n-iarrthóirí.
- Is annamh a tugadh figiúirí nó rátaí go cruinn.
- Ceapadh go raibh ainmneacha ainmhithe agus plandaí míshásúil agus mheasc iarrthóirí barra agus gránaigh le chéile.
- Thug an chuid is mó iarrthóirí tuairiscí rómhion ar phointe amháin nó dhó agus, dá bharr sin, fágadh pointí bailí eile ar lár.

5. MOLTAÍ DO MHÚINTEOIRÍ AGUS DO MHIC LÉINN

- Tá sé tábhachtach i gcónaí don iarrthóir gach ceist a léamh go cúramach agus leas a bhaint as an am go léir atá ann don scrúdú.
- Is ceart d'iarrthóirí a chinntiú go bhfreagraítear gach cuid de cheist agus go ndéantar an líon riachtanach ceisteanna.
- Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gurb é a tharlaíonn i gcás an dá rogha i C.3 a dhéanamh ná nach gcuirtear an marc is airde a fhaightear ina leith a chur san áireamh sa ghrád deiridh.
- Is ceart do mhúinteoirí a chur in iúl do mhic léinn a thábhachtaí atá sé freagraí struchtúrtha a thabhairt. Más féidir, úsáid na ceannteidil agus eolas úsáideach a thugtar sa cheist. Mura luaitear a mhalairt, bíonn níos mó ná pointe amháin ag teastáil de ghnáth sa fhreagra.
- Is gá eolas na n-iarrthóirí ar shainmhínithe agus lipéadú léaráidí a fheabhsú tuilleadh.
- Is ceart d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí a chinntiú go mbíonn na comhpháirteanna go léir den mheasúnú praiticiúil ann do na nósanna imeachta measúnaithe agus monatóireachta.

Aguisín

Tábla A1: An líon iarrthóirí a rinne Eolaíocht Talmhaíochta ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal sna blianta 1996-2001

Bliain	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Iomlán
1996	1728	782	2510
1997	1897	762	2659
1998	2119	726	2845
1999	2141	858	2999
2000	2269	701	2970
2001	2146	769	2915

Tábla A2: Dáileadh na nGrád (%) in Eolaíocht Talmhaíochta ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal sna blianta 1998-2001

Ardleibhéal					Gnáthleibhéal				
Grád	**1998**	**1999**	**2000**	**2001**	**Grád**	**1998**	**1999**	**2000**	**2001**
A	4.5	5.8	5.0	5.6	**A**	0.4	0.2	0.0	0.5
B	27.1	27.3	21.6	23.8	**B**	10.1	6.0	6.0	7.6
C	37.9	35.4	32.9	34.1	**C**	39.3	27.1	23.0	27.7
D	25.9	25.5	30.8	28.5	**D**	36.1	42.7	41.0	42.4
E	3.9	5.2	7.8	6.8	**E**	11.3	17.8	21.4	15.9
F	0.7	0.7	1.8	1.2	**F**	2.8	5.5	8.0	5.1
NG	0.0	0.1	0.0	0.0	**NG**	0.1	0.7	0.7	0.8